Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12588/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0234(COD)**

**CODEC 1223**
**ENV 809**
**COMPET 848**
**SAN 545**
**MI 627**
**IND 335**
**CONSOM 165**
**ENT 157**
**FOOD 75**
**AGRI 404**
**PE 58**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 8 go dtí an 11 Meán Fómhair 2025) |

## I. VÓTÁIL

An 9 Meán Fómhair 2025, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa gur formheasadh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh gan leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] 6978/2/25 REV 2.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, gan leasuithe, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus ag Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

**(9/9/2025)**

## P10_TA(2025)0167

## An Treoir Réime Dramhaíola: teicstílí agus dramhbhia

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meán Fómhair 2025 maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl (06978/2/2025 – C10-0139/2025 – 2023/0234(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (06978/2/2025 – C10-0139/2025),

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2023[2],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[3] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0420),

– ag féachaint d’Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 68 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (A10-0144/2025),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh na Comhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na

---

[2] IO C, C/2024/888, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/888/oj.
[3] IO C, C/2025/1033, 27.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1033/oj

nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;*

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.